II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/727 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Bealtaine 2022

lena ndiúltaítear maíomh sláinte a dhéantar maidir le bianna a údarú agus lena dtagraítear do bhaol galar a laghdú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 i dtaca le maímh chothaithe agus shláinte a dhéantar i leith bianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, tá toirmeasc ar mhaímh shláinte a dhéantar i leith bianna mura rud é go n-údaraíonn an Coimisiún iad i gcomhréir leis an Rialachán sin agus go n-áirítear iad i liosta na maíomh atá ceadaithe.

(2) I dtaca le maímh shláinte maidir le laghdú riosca galair, foráiltear hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 go ndéanfaidh oibreoirí gnólachtaí bia iarratais ar údaruithe i leith maímh shláinte a chur faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta Ballstáit. Cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta iarratais bhailí chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), dá ngairtear "an tÚdarás" anseo feasta.

(3) Tar éis don Údarás iarratas a fháil, cuirfidh sé na Ballstáit agus an Coimisiún ar an eolas faoi gan mhoill, agus tabharfaidh sé tuairim maidir leis an maíomh sláinte lena mbaineann.

(4) Déanfaidh an Coimisiún cinneadh i dtaca le húdarú a thabhairt do mhaímh shláinte agus an tuairim ón Údarás á cur san áireamh aige.

(5) Tar éis iarratas a fháil ó Han-Biotech GmbH a cuireadh isteach trí údarás inniúil na Gearmáine de bhun Airteagal 14(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, bhí de cheangal ar an Údarás tuairim a thabhairt ar mhaíomh sláinte a bhain le Symbiosal® agus laghdú brú fola agus riosca laghdaithe hipirtheannais (Ceist Uimh. EFSA-Q-2018-00002). Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht sa mhaíomh a mhol an t-iarratasóir: "Tá sé léirithe go laghdaíonn 'Symbiosal®' an t-ardú brú fola nuair a úsáidtear é in ionad salann boird traidisiúnta. Is fachtóir riosca é an t-ardú brú fola maidir le hardbhrú fola (hipirtheannas)".

(6) An 25 Iúil 2018, fuair an Coimisiún agus na Ballstáit an tuairim eolaíoch ón Údarás ([2]), inar thángthas ar an gconclúid, ar bhonn na sonraí a cuireadh i láthair, nár suíodh ceangal "cúis agus éifeacht" idir "Symbiosal®" a chaitheamh agus brú fola a laghdú. Dá réir sin, toisc nach gcomhlíonann an maíomh sláinte ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, níor cheart é a údarú.

([1]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 9.
([2]) *Iris EFSA* 2018;16(7):5364.

(7) Breithníodh na barúlacha ón iarratasóir a fuair an Coimisiún de bhun Airteagal 16(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus an beart dá bhforáiltear sa Rialachán seo á leagan amach.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní dhéanfar an maíomh sláinte a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a áireamh i liosta an Aontais de mhaímh atá ceadaithe dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Maíomh sláinte a diúltaíodh

Cur i bhfeidhm — Forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006	Cothaitheach, substaint, bia nó catagóir bia	An Maíomh	Tagairt na tuairime ó EFSA
Airteagal 14(1)(a) maíomh sláinte a thagraíonn do bhaol galar a laghdú.	"Symbiosal®" (forbhia ina bhfuil salann sáile (97 %) agus ciotósán (3 %)).	Tá sé léirithe go laghdaíonn "Symbiosal®" an t-ardú brú fola nuair a úsáidtear é in ionad salann boird traidisiúnta. Is fachtóir riosca é an t-ardú brú fola maidir le hardbhrú fola (hipirtheannas).	Q-2018-00002